Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13012/26
ADD 1

POLCOM 307
SPG 6
DELACT 143

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6211 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leagtar síos rialacha i ndáil leis an nós imeachta maidir le deonú an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) faoi Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6211 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 6211 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
C(2026) 6211 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leagtar síos rialacha i ndáil leis an nós imeachta maidir le deonú an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) faoi Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012**

# IARSCRÍBHINN

## Gealltanas Ceangailteach

Geallaimidne, Rialtas..., arna ionadú ag..., inár gcáil mar..., daingniú na gcoinbhinsiún a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 (Rialachán GSP)[1] a choinneáil ar bun agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a shaothrú agus a áirithiú.

Glacaimid gan forchoimeádas leis na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear le gach coinbhinsiún agus le faireachán agus athbhreithniú rialta ar an gcur chun feidhme i gcomhréir le forálacha na gcoinbhinsiún a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán GSP.

Geallaimid a bheith rannpháirteach sa nós imeachta faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán GSP agus comhoibriú leis an nós imeachta sin.

Glacaimid go hiomlán leis go bhféadfadh sé go gcuirfí an socrú GSP+ ar ceal dá ndéanfaí aon cheann de na gealltanais cheangailteacha sin a aistarraingt, de réir Airteagal 10(5) de Rialachán GSP.

Áit agus dáta

Síniú/Sínithe

[1] IO L, 2026/1395, 22.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1395/oj.